Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH 2017

## STAIDÉAR GNÓ – ARDLEIBHÉAL – PÁIPÉAR II

**(160 Marc)**

**DÉ MÁIRT 13 MEITHEAMH 2017 – TRÁTHNÓNA 2.00 - 4.00**

- Gabhann 40 marc le **GACH** ceist.
- Freagair **CEITHRE** cheist ar bith.
- Bronnfar marcanna ar obair, ar leagan amach agus ar chur i láthair, fóiliónna agus dátaí san áireamh de réir mar is cuí.
- Ba cheart go dtaispeánfaí an lá, an mhí agus an bhliain sna dátaí.
- Is ceadmhach áireamháin a úsáid.

| 1. | **Ceist í seo a bhaineann le Leabhar Túsiontrála, le Mórleabhar agus le Comhardú Trialach**. |
|---|---|

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Is gnólacht trealaimh cistine é SCIATHÁN LEATHAIR Teo. Rinne sé idir bhearta creidmheasa agus bhearta airgid síos le linn mhí na Bealtaine 2017.

**(A)** Breac na bearta creidmheasa seo a leanas i Leabhar na nDíolachán agus i Leabhar na gCeannachán de chuid SCIATHÁN LEATHAIR Teo do mhí na Bealtaine 2017.

Breac na figiúiri ábhartha ó na leabhair sna cuntais mhórleabhair.

| | | | |
|---|---|---|---|
| 01/05/2017 | Dhíol earraí ar cairde le MADRA RUA Teo | Sonrasc Uimh. 2 | €80,000 + CBL 23% |
| 09/05/2017 | Dhíol earraí ar cairde le GIORRIA Teo | Sonrasc Uimh. 3 | €44,000 + CBL 23% |
| 24/05/2017 | Cheannaigh earraí ar cairde ó CEARC Teo | Sonrasc Uimh. 7 | €36,000 + CBL 23% |

(14)

**(B)** Déan na bearta seo a leanas do mhí na Bealtaine 2017 a thaifeadadh i Leabhar Airgid Anailísithe SCIATHÁN LEATHAIR Teo.

Breac na figiúirí ábhartha sna cuntais mhórleabhair.

Nóta: Úsáid na ceannteidil cholúin airgid seo thíos san anailís ar na bearta bainc:

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Taobh an Dochair (Fáltais)**: | Banc | Díolacháin | CBL | Féichiúnaithe | Scairchaipiteal |
| **Taobh an tSochair (Íocaíochtaí)**: | Banc | Ceannacháin | CBL | Árachas | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 07/05/2017 | D'infheistigh scairshealbhóir €120,000 agus lóisteáladh é | | Admháil Uimh. 3 |
| 12/05/2017 | Ceannacháin le hathdhíol | Seic Uimh. 30 | €26,000 + CBL 23% |
| 17/05/2017 | D'íoc ar árachas | Seic Uimh. 31 | €13,400 |
| 28/05/2017 | D'íoc GIORRIA Teo €35,000 agus lóisteáladh é | | Admháil Uimh. 4 |
| 31/05/2017 | Lóisteáladh díolacháin | | €51,660 (€42,000 + CBL €9,660) |

(16)

**(C)** Comhardaigh na cuntais ar 31 Bealtaine 2017 agus bain amach comhardú trialach mar a bheadh ar an dáta sin.

(10)
**(40 marc)**

| 2. | **Ceist í seo a bhaineann le Ceannacháin, Doiciméid Ghnó agus le Leabharchoimeád.** |
|---|---|

***Freagair gach cuid den cheist seo*:**

**(A)** (i) **Seachas** ainmneacha agus seoltaí an díoltóra agus an cheannaitheora, ainmnigh **trí mhír thábhachtacha** eolais a thugtar i luachan.
*Freagair ar an mbileog atá curtha ar fáil leis an bpáipéar seo*.

(ii) Mínigh **dhá** chúis ar chóir do ghnólachtaí dhá luachan ar a laghad a fháil sula gceannaíonn siad earraí nó seirbhísí.
*Freagair ar an mbileog atá curtha ar fáil leis an bpáipéar seo*.

(14)

**(B)** Cheannaigh BIONGÓ Teo 200,000 t-léine ó T-L Teo ar €1.80 an ceann faoi choinne Fhéile an Éici-Dhinnéir i mí an Mheithimh 2017. Tá sé pleanáilte acu na t-léinte a dhíol ar €2.70 an ceann.

(i) Ríomh an corrlach faoin gcéad ar gach t-léine.
*Freagair ar an mbileog atá curtha ar fáil leis an bpáipéar seo.*

(ii) Ríomh ioncam pleanáilte BIONGÓ Teo má dhíolann sé 200,000 t-léine.
*Freagair ar an mbileog atá curtha ar fáil leis an bpáipéar seo.*

(8)

**(C)** Bhain na t-léinte amach BIONGÓ Teo, Sráid an Chaisleáin, Ceatharlach ar an 7 Meitheamh 2017. Ar scrúdú na t-léinte do Cháit Ní Cheallaigh, an Bainisteoir Ceannachán, fuair sí amach go raibh 1,000 díobh stróicthe. Rinne sí gearán le T-L Teo a thoiligh Nóta Creidmheasa Uimh. 40 i leith na t-léinte stróicthe a sheoladh chuici.

Lascaine Thrádála 20% agus CBL 23% a bhí i gceist.

(i) Comhlánaigh an Nóta Creidmheasa Uimh. 40 ar an 13 Meitheamh 2017 *ar an mbileog atá curtha ar fáil leis an bpáipéar seo.*

(ii) Breac eisiúint an Nóta Creidmheasa Uimh. 40 i Leabhar Aischur Isteach T-L Teo *ar an mbileog atá curtha ar fáil leis an bpáipéar seo*

(18)
**(40 marc)**

| 3. | **Baineann an cheist seo le Margaíocht agus le Plean Gnó**. |
|---|---|

***Freagair gach cuid den cheist seo**:*

**(A)** (i) Luaigh agus tabhair samplaí de **dhá** chineál taighde margaidh *ar an mbileog atá curtha ar fáil leis an bpáipéar seo*.

(ii) Mínigh, le sampla, an téarma 'spriocmhargadh' *ar an mbileog atá curtha ar fáil leis an bpáipéar seo.*

(12)

**(B)** Is iad Seán Ó Móráin, Máire Ní Chonchúir agus Pádraig Mac Craith stiúrthóirí PÉINT SMP Teo, cuideachta nuabhunaithe phéinteanna ar líne.

Déanann PÉINT SMP Teo, atá lonnaithe ar Shráid na Líne, Inis, Co. an Chláir, raon péinteanna seachtracha tí atá ráthaithe le haghaidh sé bliana.

Is é Seán Ó Móráin an Bainisteoir Margaíochta, is é Pádraig Mac Craith an Bainisteoir Airgeadais agus is í Máire Ní Chonchúir an Bainisteoir Táirgeachta. Is é banc na cuideachta Banc na hÉireann, An Phríomhshráid, Inis.

Thaispeáin taighde margaidh:

- Go bhfuil margadh féideartha de 500,000 sealbhóirí tí ann.
- Go bhfuil trí phríomhiomaitheoir ann, TUAR CEATHA Teo, DATH Teo agus RÍ Teo.

Chuir PÉINT SMP Teo an t-eolas seo a leanas ar fáil:

- Is é €450 an praghas díola ar phacáiste de phéint tí.
- Tá súil ag PÉINT SMP Teo 150,000 pacáiste de phéint tí a dhíol in 2017.
- Teastaíonn €800,000 ó PÉINT SMP Teo le lántáirgeacht a bhaint amach. Déanfaidh na stiúrthóirí infheistíocht de €150,000 an duine. Gheobhaidh PÉINT SMP Teo deontas nuathionscanta de €160,000. Gheofar an chuid eile mar iasacht cúig bliana ón gComhar Creidmheasa áitiúil.

(i) Bain úsáid as sampla ón eolas thuas agus mínigh an téarma 'gné uathúil dhíolacháin' (USP sa Bhéarla) *ar an mbileog atá curtha ar fáil leis an bpáipéar seo*.

(ii) Luaigh **trí** mhodh chun tionscnamh díolachan a dhéanamh a d'fhéadfadh PÉINT SMP Teo a úsáid chun díolachán a mhéadú.

*Cuir isteach do fhreagra sa roinn chuí den Phlean Gnó atá curtha ar fáil leis an bpáipéar seo.*

(iii) Ríomh an méid a bheidh ar PÉINT SMP Teo a fháil ar iasacht.

*Cuir isteach do fhreagra sa roinn chuí den Phlean Gnó atá curtha ar fáil leis an bpáipéar seo.*

(iv) Comhlánaigh go hiomlán an chuid eile den Phlean Gnó dar dáta 13 Meitheamh 2017 *ar an bPlean Gnó atá curtha ar fáil leis an bpáipéar seo.*

(28)
**(40 marc)**

| 4. | **Ceist í seo a bhaineann le Cuntais Chríochnaitheacha agus le Clár Comhardaithe**. |
|---|---|

***Freagair gach cuid den cheist seo**:*

Baineadh an Comhardú Trialach seo a leanas as leabhair SAM Teo, siopa spóirt, ar an 31 Nollaig 2016. Is é 350,000 gnáthscair ar €1 an ceann an Scairchaipiteal Údaraithe.

| **COMHARDÚ TRIALACH SAM Teo ar an 31 Nollaig 2016** | **Dr**<br>**€** | **Sr**<br>**€** |
|---|---|---|
| Ceannacháin agus Díolacháin | 218,000 | 420,000 |
| Stoc Tosaigh 01/01/2016 | 27,000 | |
| Carraeireacht isteach | 7,000 | |
| Ús infhála | | 4,000 |
| Árachas | 18,000 | |
| Drochfhiacha | 13,000 | |
| Pá | 74,000 | |
| Díbhinní Íoctha | 14,000 | |
| Cúlchistí (Comhardú Brabúis agus Caillteanais) | | 18,000 |
| Áitreabh | 181,000 | |
| Trealamh | 150,000 | |
| Airgead tirim | 3,900 | |
| Banc | 13,000 | |
| Féichiúnaithe agus Creidiúnaithe | 47,600 | 14,500 |
| Iasacht 30 Bliain | | 30,000 |
| Scairchaipiteal Eisithe | | 280,000 |
| | 766,500 | 766,500 |

**(A)** Iarrtar ort **Cuntas Trádála**, **Leithghabhála Brabúis agus Caillteanais** SAM Teo a ullmhú don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016 mar aon le **Clár Comhardaithe** mar a bheadh ar an dáta sin.

Tugtar an t-eolas seo a leanas duit mar a bhí ar 31 Nollaig 2016:

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Stoc Deiridh | €40,000 |
| (ii) | Ús infhála dlite | €1,000 |
| (iii) | Árachas réamhíoctha | €6,000 |
| (iv) | Pá dlite | €16,000 |
| (v) | Dímheas: | Trealamh 12% |
| | | Áitreabh 4% |

(35)

**(B)** Mínigh an téarma **'**Drochfhiacha' atá sa chomhardú trialach thuas.

(5)

**(40 marc)**

| 5. | **Ceist í seo faoi Ghnólacht a Mheasúnú**. |
|---|---|

***Freagair gach cuid den cheist seo**:*

**(A)** Luaigh **dhá** chúis a bhfuil sé tábhachtach go ndéanfadh gnólacht a fheidhmíocht a mheasúnú.

(6)

**(B)** Gnólacht próiseála agus soláthartha éisc is ea BIAMARA Teo atá lonnaithe sna Cealla Beaga, Co. Dhún na nGall. Chuir na stiúrthóirí an t-eolas seo thíos ar fáil faoi BIAMARA Teo do na blianta 2016 agus 2015.

| Cóimheas | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| Corrlach Glanbhrabúis | 6% | 6.5% |
| Ráta Láimhdeachas Stoic | 3 huaire | 2 uair |
| Cóimheas Reatha | 2.5 : 1 | 2.3 : 1 |

(i) Bain úsáid as an eolas thuas agus déan comparáid idir feidhmíocht BIAMARA Teo in 2016 agus in 2015.

(ii) Sainaithin an cóimheas atá míshásúil agus luaigh **dhá** shlí a bhféadfaí an cóimheas seo a fheabhsú.

(18)

**(C)** (i) Bain úsáid as an eolas agus as an bhfoirmle seo a leanas chun Toradh ar Chaipiteal in Úsáid do BIAMARA Teo in 2016 a ríomh.

In 2016 bhí Brabús Glan de €75,000 ann agus bhí Caipiteal in Úsáid de €1,500,000 ann.

Is í an fhoirmle chun an Toradh ar Chaipiteal in Úsáid a ríomh ná:

$$\frac{\text{Brabús Glan}}{\text{Caipiteal in Úsáid}} \times \frac{100}{1}$$

Tá spéis ag infheisteoir nua, Gráinne Mhaol, infheistiú in BIAMARA Teo.

Tá a fhios aici gur féidir léi 2% in aghaidh na bliana a fháil má choiglíonn sí a cuid airgid i gcuntas taisce go ceann bliana.

(ii) Luaigh **dhá** riosca fhéideartha do Ghráinne a ghabhann le hinfheistíocht a dhéanamh in BIAMARA Teo.

(iii) Cuir comhairle ar Ghráinne, cé acu ba chóir nó nár chóir di infheistíocht a dhéanamh in BIAMARA Teo. Tabhair cúis **amháin** le do fhreagra.

(16)

**(40 marc)**

| 6. | **Ceist í seo a bhaineann le Caidreamh Tionsclaíoch.** |
|---|---|

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

**(A)** Úsáidtear an téarma ‘caidreamh tionsclaíoch’ chun cur síos a dhéanamh ar an gcaidreamh idir fhostóirí agus a bhfostaithe.




(i) Mínigh ról an Ionadaí Ceardchumainn agus ról an Bhainisteora Acmhainní Daonna chun caidreamh tionsclaíoch maith a chothú i ngnólacht.

(ii) **Seachas cúrsaí pá** mínigh **dhá** chúis a dtarlaíonn díospóidí caidreamh tionsclaíoch.

(iii) Mínigh **trí** chineál gníomhaíocht thionsclaíoch a bhféadann ceardchumainn a dhéanamh chun tacú lena n-éilimh in éadan fostóra.

(25)

**(B)** D’íoctaí €11.50 in aghaidh na huaire leis na fostaithe in FAISIN AN CHLOCHÁIN LÉITH Teo. Bhagair siad tabhairt faoi ghníomhaíocht thionsclaíoch mura bhfaighdís ardú pá de 16%.

Tar éis **idir-réitigh** a rinne **tríú páirtí oiriúnach**, thairg FAISIN AN CHLOCHÁIN LÉITH Teo ardú pá de 9% agus ghlac na fostaithe leis sin.

(i) Ríomh an ráta nua in aghaidh na huaire, *go dhá ionad dheachúlacha*, atá le híoc le fostaithe FAISIN AN CHLOCHÁIN LÉITH Teo. *Taispeáin do chuid oibre*.

(ii) Mínigh an téarma ‘idir-réiteach’.

(iii) Cén teideal atá ar an gcomhlacht reachtúil ar féidir go bhfeidhmeodh sé mar thríú páirtí oiriúnach chun cuidiú le díospóidí caidreamh tionsclaíoch a réiteach?

(15)

**(40 marc)**

Leathanach Bán